



Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010



ÁBHAIR

BAILL AN BHOIRD	3
NDFA – RÓL AGUS FEIDHMEANNA	5
FORBHREAHTNÚ 2010	6
MEASÚNÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH AR AN TIMPEALLACHT MHARGAIDH REATHA	9
DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL INA BHFEIDHMÍONN NDFA:	
MAR ÚDARÁS SOLÁTHAIR & COMHAIRLEOIR AIRGEADAIS	11
MAR CHOMHAIRLEOIR AIRGEADAIS	15
RIALACHAS	21
AGUISÍNÍ	
LIOSTA ÚDARÁS AN STÁIT	25
RÁITIS AIRGEADAIS	27



Gníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais

National Development
Finance Agency

30 June 2011

Mr. Michael Noonan, TD
Minister for Finance
Government Buildings
Upper Merrion Street
Dublin 2

Dear Minister,

I have the honour to submit to you the Report and Accounts of the National Development Finance Agency for the year from 1 January 2010 to 31 December 2010.

Yours sincerely,

John C. Corrigan
Chairman

BAILL AN BHOIRD



John C. Corrigan (Cathaoirleach)
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteain Náisiúnta (NTMA)



Brian Murphy (Príomhfheidhmeannach Feidhmiúcháin)
Stiúrthóir
Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteain Náisiúnta (NTMA)




Fred Barry
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An tÚdarás an Bóithre Náisiúnta



Liam Berney
Oifigeach Tionsclaíoch
Comhdháil na gCeardchumanns



Ann Fitzgerald
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí



Stewart Harrington
Stiúrthóir
Killeen Properties Limited



Tony Jones
Comhairleach Gnó



Peter McManamon
Cathaoirleach
Ceva Inc

Bhuail an Bord le chéile 6 huairé i rith 2010.



AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA FORBARTHA AIRGEADAIS – RÓL AGUS FEIDHMEANNA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhoirbairt Náisiúnta (GAFN) ar 1 Eanáir 2003 de réir an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhoirbairt Náisiúnta, 2002, chun seirbhís chomhairleach airgeadais a sholáthar d'Údarás Stáit maidir le tionscadail chaipitiúla atá os cionn méid áirithe - €30 milliún i láthair na huaire - faoi threoirínthe a bhíonn eisithe ag an Aire Airgeadais. Is gá gach tionscadal atá á sholáthar trí Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (CPPanna) a chur ar aghaidh chuig an GAFN le haghaidh comhairle, beag beann ar a mhéid. Cuireann an GAFN a feidhmeanna i gcrích trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN)

Sular bunaíodh GAFN, ní raibh aon saineolas seanbhunaithe airgeadas tionscadal ann a bhí ar fáil don Rialtas. Ina áit sin, thugtaí grúpaí comhairleach agus saineolaithe eile le chéile chun comhairle a chur ar fáil ar thionscadail aonair. Nuair a chríochnaítí gach tionscadal, chuirí deireadh leis an bhfoireann tionscadail agus chailltí an corpas eolais agus an saineolas taobh istigh den tseirbhís phoiblí, nach mór.

Tá sé d'údarás dlíthiúil ag an GAFN suas le €5 bhilliún a fháil ar iasacht agus a réamhioc maidir le tionscadail atá faofa ag Údarás Stáit ar bith, chun comhlachtaí a chruthú ar mhaithe le maoiniú tionscadal infheistíochtaí poiblí agus chun airgead a réamhioc lena leithéid de chomhlachtaí. Níor ghá maoiniú a sholáthar go díreach go dtí seo.

Rinne an tAcht um GAFN (Leasú), 2007, leathnú suntasach ar ról na Gníomhaireachta chun soláthar iarbhair na dtionscadal caipitil poiblí CPP go léir a chuimsiú, seachas tionscadail iompair, rudaí atá á sholáthar cheana i sainorduithe na nÚdarás Stáit iompair bainteach agus CPPanna na n-údarás áitiúil. Cuireann an fheidhm sholáthair leis an bhfeidhm comhairle airgeadais atá bunaithe cheana féin taobh istigh den GAFN agus bíonn sé á rialú chomh maith le treoirínthe a bhíonn eisithe ag an Aire Airgeadais.

Is é líon iomlán na foirne sa GAFN ná 38 faoi láthair, a bhfuil thart ar leath acu sin ag soláthar seirbhísí comhairle airgeadais agus leath acu ag soláthar seirbhísí bainistíochta tionscadal. Ar na príomhsheirbhísí a sholáthraíonn an GAFN tá:

- comhairle airgeadais, ar rioscaí agus árachais
- Tagarmharcanna na hEanála Poiblí a ullmhú (is costáil chuimsitheach coigeartaithe de réir riosca lánsaioil de thionscadal é an tagarmharc seo faoi choinníollacha traidisiúnta soláthair, léirithe mar fhigiúr airgeadaíoch amháin)
- ullmhú doiciméid chonartha
- oscailt an tionscadail le haghaidh tairiscintí
- réamhcháiliú na gcuibhreannas forthairgeora
- measúnú tairiscintí
- roghnú na dTairiscintí Tosaíochta
- idirbheartaíocht chonartha
- measúnú ar Luach ar Airgead
- síniú conarthaí CPP ar son na Roinne Rialtais/Gníomhaireachta Stáit
- monatóireacht thógáil an tionscadail
- riar an chonartha go dtí an “chéim lándéanta” agus tabhairt ar ais i rith idirthréimhse chéimnitheach don Ghníomhaireacht Urraíochta.

Agus a dualgais á gcur i gcrích, is gá don GAFN an aird chuig a thabhairt ar an treorú agus ar na treoracha a bhíonn eisithe ag an Aire Airgeadais maidir le maoiniú agus soláthar tionscadail infheistíochta poiblí, go háirithe *Na Treoirínthe ar Mheasúnú agus ar Bhainistíocht Tograí Caiteachas Caipitil san Eanáil Phoiblí* (2005), *an Creat-Pholasáí Náisiúnta Soláthair* (2005), *na Treoirínthe ar Sholáthar Bonneagair agus ar Infheistíochtaí Caipitil trí Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha* (2006) agus *an Creat do Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha* (2001).

FORBHREATHNÚ 2010

Tá NDFA ag cur comhairle ar Údarás Stáit faoi láthair ar bhreis agus 50 tionscadal reatha, a chuirtear chuige nuair is gá. Tá comhairle tugtha ag NDFA do 48 tionscadal a bhfuil comhluch caipitiúil thar €6.5 billiún acu, PPPanna 26 acu.

Tugann NDFA comhairle airgeadais do gach tionscadal a chuirtear chuige, lena chois sin is é an t-údarás ainmnithe soláthair é do dheich dtionscadal gníomhacha. Maidir leis na tionscadail seo, tá sé cinn acu tugtha go foirmiúil do NDFA ar mhaithe le soláthar – trí bheart scoileanna (18 san iomlán), an chéad agus an dara beart d'institiúidí tríú leibhéal (11 saoráid san iomlán) agus athfhorbairt ar an Cheoláras Náisiúnta (curtha ar ceal le déanaí).

Seo cuid de bhuaicphointí na forbartha atá déanta i roinnt tionscadal ag NDFA le linn 2010 agus sa chéad leath de 2011.

- Cuireadh tógáil den chéad tionscadal soláthair de chuid NDFA i gcrích i Meán Fómhair 2010: Críochnaíodh ceithre iar-bhunscoileanna a chuireann lóistín ar fáil do 2,700 mac léinn i Laois agus in Uíbh Fhailí laistigh den bhuiséad agus áitithe do thus na scoilbhliana úire 2010/11.
- Tháinig an dara beart scoileanna a cuireadh chuig NDFA chun deiridh airgeadais i Meitheamh 2010. Cuireadh tús le hobair thógála ar gach suíomh díreach i ndiaidh shíniú na gconarthaí. Cuirfear na sé scoileanna seo lóistín ar fáil do bheagnach 4,700 mac léinn agus tá said le bheith áitithe idir Meán Fómhair agus Samhain 2011.
- Tá an iomaíocht don tríú beart scoileanna ag dul go maith agus na tairiscintí le bheith istigh in Iúil 2011 ó na trí iarrthóirí gearrliostaithe. Cuirfear an beart seo lóistín ar fáil do 5,700 mac léinn thar ocht scoil.

- Tá an chéad bheart d'institiúidí tríú leibhéal ag ardstaid agus an forthairgeoir roghnaithe ceaptha ó bhí Feabhra 2011 ann i ndiaidh próiseas iomaíoch tairisceana bheith ann. Áirítear forbairtí ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Eisíodh cáipéisíocht na tairisceana do na rannpháirte gearrliostaithe maidir leis an dara beart d'Institiúidí Tríú Leibhéal i Mí Feabhra 2011 agus táthar ag súil le go gceapfar forthairgeoir roghnaithe sa cheathrú ceathrú de 2011.

- Tá tacaíocht á tabhairt ag NDFA, mar chuid dá ról mar chomhairleoir airgeadais, d'Údarás um Bóithre Náisiúnta i soláthar dhá thionscadail bhóthair PPP, atá ag ardstaid. Ceapadh forthairgeoir roghnaithe do scéim N11 (an tInbhear Mór-Ráth Naoi, agus Crois an Fhearainn Nua) i Meitheamh 2011 ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Táthar ag súil le go gceapfar forthairgeoir roghnaithe do scéim N17/N18 (An Gort-Tuaim) sa dara leath de 2011.

Tá an NDFA ag cur comhairle chomh maith ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta faoin dara tráinse de Limistéir Sheirbhíse a sheolfar i mBealtaine 2011.

- Cuireann NDFA comhairle airgeadais ar fáil go fóill ar roinnt mhaith tionscadal bonneagair in earnálacha iompair, dlí, dramhaíola agus uisce. Tá NDFA mar chomhairleoir airgeadais d'Fheidhmeannacht an Seirbhíse Sláinte ar roinnt tionscadal ardíomhá sláinte, An tOspidéal Náisiúnta Pédiatraiceach, Ospidéal Ginearálta Shligigh agus Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe san áireamh. Cuideoidh na tionscadail seo le feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus ar iomaíocht náisiúnta agus le tacaíocht a thabhairt d'fhostaíocht inbhuanaithe agus le bonneagar tábhachtach a sholáthar do riachtanais shóisialta.



- I 2010, eisíodh tuairimí foirmiúla ar luach ar airgead i dtaca leis an dá thionscadal seo a leanas:
 - An Dara Beart Scoileanna: chun beagnach 4,700 áit
 - Ospidéal Ollscoile San Uinseann: forbairt ar bhlocbharda nua, an t-ionad fiobroise cistí san áireamh.
- Tá teagmháil déanta ag NDFA le hurraitheoirí iltaobhacha atá ábalta maoiniú cost-éifeachtúil a sholáthar do bhonneagar Éireannach. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta (EIB) ag cur maoiniú de €44 milliún don Dara Beart Scoileanna, atá i mbun tógála faoi láthair, agus beidh sé mar chrann taca don Tríú Beart Scoileanna. Tá sé ráite ag an EIB go dtacfaidh siad le roinnt tionscadal iompair chomh maith.
- Coimisiúnaíodh roinnt tionscadal ar chuir NDFA comhairle orthu i 2010.
 - Cuireadh tús le hlonad Commhdhála Bhaile Átha Cliath i Lúnasa 2010. Ó shin, chuaigh breis agus 11,000 dealagáid idirnáisiúnta tríd, atá thar a thargaid agus tá neart ioncaim bhreise ginte aige don gheilleagar áitiúil.
 - Osclaíodh go hoifigiúil Staid nua Aviva ar bhóthar Lansdúin, Baile Átha Cliath i mBealtaine 2010. Chuir an stát €191 milliún ar fáil don fhorbairt agus Ghlac NDFA ról lárnach san idirbheart ar son na Roinne Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt.
 - In earnáil rialaithe ailse, cuireadh dhá fhorbairt i gcrích mar chuid den Phlean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Radaíochta (Pas 1) ag Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath sa cheathrú ceathrú de 2010.
 - An Chéad Bheart scoileanna oscailte in am do scoilbhliain 2010/11.
 - Cuireadh obair thógála i gcrích ar an chéad tráinse de limistéir sheirbhíse an mhotarbhealaigh i Meán Fómhair 2010. Bhí sé limistéar seirbhíse ann i gCill Dara, Lú agus Baile Átha Cliath.





Céad Míle Fáilte
One Hundred Thousand Welcomes

MEASÚNÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH AR AN TIMPEALLACHT MHARGAIDH REATHA

Tá tionchar leanúnach ag staid airgeadais na hÉireann ar an mhaoiniú atá ar fáil do gach infheistíocht, tionscadail PPP san áireamh. Ó thus na géarchéime eacnamaíochta domhanda, níl na bainc sásta téarmaí a choinneáil do thairiscintí airgeadais níos faide ná dhá nó trí mhí. Sa dara leath de 2010, tháinig laghdú mór eile ar líon na mbanc a raibh suim acu maoiniú a sholáthar do thionscadail bhonneagair in Éirinn.

Tá monatóireacht ghéar déanta ag NDFA ar na forbairtí seo agus tá a dhícheall déanta dul i ngleic leis na dúshlán seo ar dhóigh dhearfach. Cruthaíodh comórtas maoinithe don fhorthairgeoir roghnaithe, a chuireann an geall maoinithe don tionscadal go leataobh, go dtí go bhfuil an fhorthairgeoir roghnaithe ceaptha maidir le roinnt soláthar le dul i ngleic le deacrachtaí maoinithe den chineál seo agus d'éirigh go geal leis críoch airgeadais ar Thionscadal an Dara Bhirt Scoileanna a bhaint amach. Tá na comórtais mhaoinithe seo leagtha amach ag NDFA le fáil thart ar mhíshástacht na mbanc i dtaca lena dtéarmaí a choinneáil ar feadh tréimhse fhada agus na téarmaí is fearr a bhaint amach ag an am chéanna.

Gné thábhachtach leanúnach d'obair NDFA sa timpeallacht reatha ná measúnú ar staid airgeadais na gcuibhreannas roghnaithe le tairiscint a thabhairt ar thionscadail bhonneagair a sholáthar. Chomh maith le measúnú réamhcháilíochtaí diana, áirítear bannaí feidhmíochta agus cosaintí conarthacha sna comhaontuithe dlí a sholáthraíonn cosaint don stát i gcás dócmhainneachta nó loicthe.

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil múnla PPP láidir agus tá beo leo sna deacrachtaí eacnamaíochta reatha i comparáid le haicmí sócmhainne eile. Tá PPPanna in ann éifeachtúlacht agus poitéinseal nualach den earnáil phríobhaideach a dhíghlasáil. Soláthraíonn an comhroinnt riosca laistigh de PPP bealach le dreasachtaí a chruthú don dá pháirtí chonarthacha le héifeachtacht na dtionscadal a mhéadú.

Cé nach bhfuil na margaidh airgeadais ar ais ar a seanléim, tá cuid mhaith deiseanna ann go fóill luach saothair a bhaint amach sna tionscadail. Tá monatóireacht déanta ag NDFA ar fhorbairtí i bpraghasanna tairisceana, atá tite go mór ó mhullach an mhargaidh, agus tá sé cinntithe aige go soláthraítear luach ar airgead feabhsaithe ina soláthair, agus ag an am chéanna tá sé cinntithe nach bhfuil drochthionchar déanta aige ar stóinseacht airgeadais ná ar chumas banicéireachta na dtionscadal seo. Caithfidh cothromaíocht cheart bheith ann maidir le praghasanna tairisceana atá ag titim, costas, luach ar airgead agus stóinseacht leanúnach airgeadais agus cumas oibríochtúil na bpáirtithe conarthacha.

Tacaíonn polasaí an Aontais Eorpaigh (AE) le hinfheistíocht bhonneagair mar atá leagtha amach i Straitéis 'Eoraip 2020', straitéis fórais an Choimisiúin Eorpaigh don deich mbliana seo. De gnáth eascraíonn an cuid is mó de mhaoiniú bonneagair ón Státchiste. Tá srian ghéar anois ar an fhoinsé mhaoinithe thionscadail seo, áfach, tar éis na géarchéime eacnamaíochta. Méadaíonn sé seo an gá do thuilleadh rannpháirtíochta ón earnáil phríobhaideach, dar leis an Choimisiún Eorpach agus eile (an múnla PPP mar shampla) chun na riachtanais bhonneagair ainmnithe in 'Eoraip 2020' agus sa Chlár don Rialtas nuafhoilsithe a sheachadadh.

Tá NDFA i mbun próisis chun réitigh nualacha maoinithe a chinntiú do thionscadail. Tá sé i mbun teagmhála i rith an ama le EIB ar roinnt mhaith tionscadal agus tá tacaíocht tugtha ag an bhanc do Mheitreo Thuaidh agus do roinnt scéimeanna bóthair. Sholáthraigh EIB €44 milliún do thionscadal PPP don Dara Beart Meánscoileanna a tháinig chun deiridh airgeadais i Meitheamh 2010. Ina theannta sin, bhunaigh NDFA caidreamh táirgiúil le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa agus tá plé leanúnach ag dul ar aghaidh eatarthu maidir le maoiniú féideartha de roinnt tionscadal.

Sheol an Coimisiún Eorpach agus EIB moladh do thionscnamh nua dírithe ar mhaoiniú tionscadal a dhéanamh níos tarraingtí d'infheisteoirí an mhargaidh chaipitil, mar atá, Tionscnamh Bhannaí Tionscadail. Tá sé molta gur féidir rátáil chreidmheasa bannaí sinsearachais eisiúite ag cuideachta thionscadail a fheabhsú le tacaíocht ó EIB ag an fho-leibhéal. Tá NDFA ina mball de ghrúpa oibre na nÚdarás Eorpach ar an tionscnamh seo agus tá ról gníomhach á imirt aige chun é a chur chun cinn. Tá an tionscnamh seo le teacht i bhfeidhm ó 2014.

Is cinnte go mbeidh tionchar ag suíomh dúshlánach airgeadais na hÉireann ar chaiteachas caipitil sa mheántéarma. Is tairbhí tábhachtacha iad de chlár leanúnach caipitil don náisiún ná soláthar fostaíochta, coinneáil scileanna agus saineolais agus na tairbhí airgeadais agus eacnamaíochta a sholáthraíonn a leithéid de spreagadh don gheilleagar. Spréann PPPanna an costas a bhaineann le maoiniú bonneagair thar shaolré na sócmhainne. Ciallaíonn sé seo gur féidir tabhairt faoi thionscadail chaipitil agus a gcostas a spré thar roinnt blianta, comhsheasmhach le tréimhse sheachadta na dtairbhí ó na sócmhainní.

DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL INA BHFEIDHMÍONN NDFA MAR ÚDARÁS SOLÁTHAIR & CHOMHAIRLEOIR AIRGEADAIS



Clár PPP Oideachais

Clár PPP Scoileanna: Forbhreathnú

Tá trí bheart animnithe go dtí seo mar chuid den phlean ag an Roinn Oideachais & Scileanna chun 23 iar-bhunscoil agus ceithre bhunscoil nua a sholáthar trí PPP. Tá comhairle á tabhairt ag NDFA agus tá freagrach as gach gné de sheachadadh an tsoláthair de na tionscadail féin laistigh den chlár €300 milliúin seo.

An Chéad Bheart Scoileanna

Soláthraíonn an Chéad Bheart PPP Scoileanna, dearadh, tógáil, maoiniú agus cothabháil (DBFM) 2,700 áit scoláire. Cuireadh ceithre scoil nua in ionad sé scoileanna a bhí ann cheana féin i Laois agus in Uíbh Fhailí.

Is é seo an chéad tionscadal soláthraithe ag NDFA a tugadh chun críche. Cuireadh tús le seirbhís ar gach scoil i Meán Fómhair 2010 agus bhí siad ar fáil in am do mhúinteoirí agus do scoláirí do scoilbhliain nua 2010/11.

Tá freagracht don bhainistíocht de chonradh bainistíochta acmhainní 25 bliain de PPP aistrithe go dtí an Roinn Oideachais & Scileanna.

An Dara Beart Scoileanna

Is sé scoil atá sa dara beart i gcontae Chorcaí, Chill Dara, Luimnigh, Chill Mhantáin agus na Mí a chuirfidh lóistín ar fáil do chorradh le 4,700 scoláire. Baineadh críoch airgeadais agus bronnadh conartha amach ar 2ú Meitheamh 2010 leis an fhorthairgeoir roghnaithe, Macquarie Partnerships for Ireland. Cuireadh tús le hobair thógála ar 3 Meitheamh 2010 agus spriocdháta oscailte don sé scoil dheireanacha i Samhain 2011.

Tá NDFA ag dul chun cinn i láthair na huair maidir le riaradh den phas tógála de chonradh PPP sula dtabharfar ar ais na scoileanna críochnaithe don Roinn Oideachais & Scileanna. Tá NDFA freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh na scoileanna, forbhreathnú den phróiseas deimhnithe a léiríonn comhlíonadh le riachtanais an chonartha san áireamh.

Tá stóinseacht an phróisis PPP léirithe ag an tionscadal seo chun dul i ngleic le forbairtí diúltacha. Chuaigh Pierse Contracting, ceann de na páirtnéirí tógála comhfhiontair, chun leachtaithe. Tá an conraitheoir comhfhiontair eile, John Sisk & Son Ltd ag dul leis go fóill agus níltear ag súil le drochthionchar bheith aige seo ar an tionscadal.



 Beart Scoileanna 1

 Beart Scoileanna 2

 Beart Scoileanna 3

 Beart Tríú Leibhéal 1


 Beart Tríú Leibhéal 2

 Beart Tríú Leibhéal 3

 Gráinseach Ghormáin

 Achar Seirbhísí Mótarbhealaigh

 Plean Náisiúnta le haghaidh
Oinceolaíochta Radaíochtha



Tríú Beart Scoileanna

Is ocht scoil atá sa Tríú Beart Scoileanna ina mbeidh scoileanna nua agus scoileanna athchuir agus a chuirfidh lóistín ar fáil do thart fá 5,600 scoláire. Tá na scoileanna suite i gcontaetha Dhún na nGall, na Gaillimhe, Liatroma, Luimnigh, Phort Láirge, na hIarmhí agus Loch Garman.

Chuaigh an tionscadal seo chun margaidh i Lúnasa 2010 agus eisíodh cáipéisí tairisceana do na tairgeoirí gearrliostaithe i Nollaig 2010. Tá iarratais thairisceana le bheith istigh in Iúil 2011. Tá sé dearbhaithe ag EIB go bpáirt-mhaoineoidh sé an tionscadal faoi réir a ndíchill chuí.

Thug NDFA faoi an-obair réamhsholáthair agus pleanála leis an Roinn Oideachas & Scileanna chun tacaíocht a thabhairt don tionscadal agus tá cead pleanála imchrutha tugtha do gach suíomh.

Clár PPP Oideachais Tríú Leibhéal

Tá pleanáil tionscadail agus imeachtaí réamhsholáthair beagnach críochnaithe do Chlár €250 milliúin do thionscadail lóistín Tríú Leibhéal. Tá comhairle aigeadais á tabhairt ag NDFA agus tá ag déanamh bainistíochta ar sholáthar agus ar sheachadadh na dtionscadal PPP seo ar son an Aire um Oideachas & Scileanna.

Tá 15 thionscadal forbartha thar naoi láthar campais curtha isteach i dtrí chonradh PPP ar leith.

An Chéad Bheart d'Acmhainní Oideachas Tríú Leibhéal

Is sé shaoráid atá sa Chéad Bheart d'Institiúidí Tríú Leibhéal ag ceithre institiúid Teicneolaíochta/Forgnimh Ollscoile. Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Aistríodh é do NDFA le soláthar in Iúil 2009.

D'éisigh NDFA larratas chun Idirbheartaíochta i Mí Nollag 2009 do na trí iarrthóirí gearrliostaithe agus fuarthas tairiscintí deireanacha i Lúnasa 2010. Ceapadh forthairgeoir roghnaithe (the Solas consortium) i bhFeabhra 2011.

Tá obair thógála le tosú sa tríú ceathrú de 2011 ag brath ar lánchead pleanála agus maoiniú bheith faighte.

An Dara Beart de Shaoráidí Oideachais Tríú Leibhéal

Sa Dara Beart tá trí fhoirneamh ag Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta agus dhá fhoirgneamh ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Tá cead pleanála imchrutha tugtha don dá shuíomh. Aistríodh an tionscadal go foirmiúil do NDFA le soláthar i Meán Fómhair 2010 ag an Roinn Oideachais & Scileanna.

Fuarthas léirithe suime i Samhain 2010 agus críochnaíodh an measúnú réamhcháilíochta in Eanáir 2011. Eisíodh an tarratas chun Idirbheartaíochta i Mí Feabhra agus táthar ag súil le tairiscintí i Lúnasa 2011. Tá obair thógála le tosú i lár 2012.

An Tríú Beart de Shaoráidí Oideachais Tríú Leibhéal

Ceadaíodh cead pleanála imchrutha do na saoráidí sa Tríú Beart, a bhfuil ceithre fhoirgneamh ag Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo, ag Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus ag NUI Mhagh Nuad.

Ceadaíodh Sonraithe Aschurtha agus Tagarmharc na hEarnála Poiblí ag an Roinn Oideachais & Scileanna i bhFeabhra 2011.

Turasóireacht, Cultúr & Spórt

Athfhorbairt an Cheolárais Náisiúnta

Aistríodh an tionscadal seo ón Roinn Turasóireachta, Cultúir & Spóirt do NDFA le soláthar in 2008. Cuireadh trí iarrthóir ar an ghearrliosta agus fuarthas tairiscintí deireanacha ó bheirt fhorthairgeoirí i Meán Fómhair 2009. Cuireadh an iomaíocht don tionscadal ar ceal i Samhain 2010 de bhrí nach raibh sé inacmhainne de réir an Aire um Thurasóireacht, Cultúr & Spórt.

Cóir & Comhionannas

Beart Títhe Cúirte

Mar chuid den tionscadal seo beidh Cúirt nua Dúiche, Príomh-Chúirt Choiriúil agus Cúirt Churda ann ag Corcaigh, Leitir Ceanainn agus Luimneach. Tá an measúnú mionsonraithe curtha i gcrích agus tá NDFA ag fanacht le tuilleadh treoracha. Sholáthraigh NDFA comhairle airgeadais ar an mheasúnú mhionsonraithe, rud a dhéanfaidh sé ar fud an tionscadail.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Plean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Radaíochta

Mar chuid den Plean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Radaíochta beidh soláthar ann do líonra saoráidí chun seirbhíse oinceolaíochta agus radaíochta a chur ar fáil mar chuid den Chlár Rialaithe Ailse Náisiúnta. Mar chuid de seo, tógfar agus trealmhófar saoráidí oinceolaíochta agus radaíochta i bPort Láirge, Corcaigh, Gaillimh, agus San Séamas agus Beamont i mBaile Átha Cliath.

Tá dhá phríomhshruth oibre sa NPRO, ar a dtugtar Pas 1 agus 2. Críochnaíodh Pas 1, a bhfuil saoráidí ag Ospidéal San Séamas agus ag Ospidéal Beaumont ann, sa cheathrú ceathrú de 2010.

Tagraíonn Pas 2 do na saoráidí atá le soláthar ag PPP. Tá NDFA ag obair in éineacht leis an Chlár Rialaithe Ailse Náisiúnta ar thionscadal Pas 2, ag

soláthar comhairle cheart airgeadais agus bhainistíocht tionscadail don tionscadal casta seo. Thosaigh an tionscadal in 2005 cé gur cuireadh moill air de bhrí go raibh polasaithe sláinte i mbun plé. Críochnaíodh Tagarmharc na hEarnála Poiblí in Aibreán 2010. Táthar ag súil le go n-aistreofar an tionscadal do NDFA sa dara leath de 2011, ar mhaithe le soláthar.



Ospidéal Ginearálta Shligigh

Sa tionscadal seo tá moladh ann chun athfhorbairt agus síneadh a dhéanamh ar acmhainní géara ag Ospidéal Ginearálta Shligigh. Táthar ag súil le go mbeadh bloc nua ann ina mbeadh roinn géarchéime, obrádlanna, ionad dianchúraim, bardaí máinliachta agus raideolaíocht, áiseanna péidiatraice agus cnáimhseachais.

Tá obair ar an Chás Gnó críochnaithe agus tá comhairle á tabhairt ag NDFA ar bhainistíocht airgeadais agus tionscadail ar an tionscadal. Táthar ag súil le go n-aistreofar an tionscadal seo do NDFA le soláthar, nuair a bheidh na sonraithe aschurtha curtha i gcrích agus tagarmharc na hearnála poiblí ceadaithe ag HSE.

DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL INA BHFEIDHMÍONN NDFA MAR CHOMHAIRLEOIR AIRGEADAIS

Iompar – Iarnród

Metro North

Tá an líne phleanáilte Metro North 18km beartaithe chun nasc tábhachtach do chomaitéirí a sholáthar i mBaile Átha Cliath thuaidh agus chun freastal ar Aerfort Bhaile Átha Cliath freisin. Beidh an Metro mar idirmhalartú le línte Dearg agus Glas an Luas chomh maith le seirbhísí an DART agus iarnróid bruachbhailteacha. Tá an NDFA ag feidhmiú fós mar chomhairleoir airgeadais reachtúil don tionscadal seo.

Roghnaíodh dhá chuibhreannas i 2009 chun páirt a ghlacadh i gcéim na Tairisceana is fearr agus na Tairisceana Deiridh (BAFO). Cheadaigh An Bord Pleanála an tOrdú Iarnróid i nDeireadh Fómhair 2010 agus roinnt coinníollacha ag dul leis, lena n-áirítear athshuíomh an iosta Metro ó dheas ón aerfort.

Tá sé beartaithe go leanfar ar aghaidh le céim BAFO an tsoláthair, tar éis Ordú Iarnróid athbhreithnithe bheith ceadaithe don iosta nua níos moille i 2011, agus tar éis don rialtas nua an Cás Gnó a mheas. I mBealtaine 2010, chomhaontaigh an EIB i bprionsabal go soláthrfaí suas go €500 milliún i maoiniú sinsearach fiachais don tionscadal.

Metro West

Is cuid de chlár infheistíochta Transport 21 é Metro West. Beidh an bealach conaire roghnaithe don tionscadal seo mar nasc idir Tamhlacht, Cluain Dolcáin agus Baile Bhlainséir agus déanfar idirmhalartú le líne Dearg an Luas, le línte bruachbhailteacha iarnróid Chill dara agus Mhaigh Nuad agus le Metro North.

Cuireadh tús le hullmhú Thagarmharc na hEarnála Poiblí agus na ndoiciméad réamhcháilíochta. Chuir an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid an t-iarratas Ordú Iarnróid don tionscadal isteach chuig an mBord Pleanála i nDeireadh Fómhair 2010.



DART Underground

Tá DART Underground beartaithe mar an dara líne ardchumais DART, a rithfidh faoin talamh trí lár na cathrach, ó Cheantar na nDugaí go dtí stáisiún nua ag Inse Chór. Táthar ag súil go ndéanfar cumas seirbhíse iarnróid i mórcheantar Bhaile Átha Cliath a mhéadú faoi thrí ó 33 milliún turas paisinéirí go bliantúil suas go 100 milliún turas ar a chríochnaithe. Tá sé beartaithe cumas bheith aige seirbhísí DART a rith ina mbeadh suas go 20 traen san uair sa dá threo agus é 8.7km go neasach ar fad.

Foilsíodh fógra conartha agus ceistneoir réamhcháilíochta d'Irisleabhar Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU) don tionscadal i mBealtaine 2010. Cuireadh trí chuibhreannas ar an ngearrliosta agus críochnaíodh Tagarmharc na hEarnála Poiblí i Meán Fómhair 2010. D'fhógair an Roinn Iompair i Samhain 2010 go gcuirfear an chuid PPP den tionscadal (an tollán) siar go ceann ceithre bliana ar a laghad.

I Meitheamh cuireadh an t-iarratas isteach chuig an mBord Pleanála le haghaidh an Ordú Iarnróid agus tá an próiseas seo ag dul chun cinn faoi láthair. Sholáthair an NDFA comhairle airgeadais ar na doiciméid réamhcháilíochta agus ar mheasúnacht, ar Thagarmharc na hEarnála Poiblí agus ar dhoiciméid thairisceana eile.



Iompar – Bóithre

An Dara Clár Bóithre PPP

Scéim N17/N18 (An Gort go Tuaim)

Tá comhairle airgeadais á soláthar ag an NDFA d'Údarás um Bóithre Náisiúnta ar an scéim mholta N17/N18 (An Gort go Tuaim), a sholáthróidh 57 ciliméadar de mhótarbhealach agus débhealach mar chuid de nasc bóthair ardchaighdeán idir Leitir Ceanainn agus Port Láirge (Conair Atlantach).

In Eanáir 2010, cuireadh dhá iarratasóir ar ghearrliosta chun leanúint ar aghaidh sa phróiseas soláthair idirphlé iomaíoch. Chun réiteach láidir maoinithe a sholáthar agus chun freagairt ar fhorbairtí déanacha sa mhargadh maoinithe, agus tar éis comhairle dlí a fháil, athraíodh an comórtas soláthair go dtí modh idirbheartaithe i Márta 2011 leis an mbeirt fhorthairgeoirí seo. Chomhaontaigh an EIB i bprionsabal suas go 50% den fhiachas sinsearach a sholáthar don scéim.

Scéim N11 (An tInbhear Mór, Ráth Naoi agus N7 Crois an Fhearrainn Nua)

Is príomhnasc straitéiseach é an N11 i líonra na mbóithre náisiúnta agus tá uasghrádú ar an N11 á soláthar mar aon leis an uasghrádú ag aomhal Chrois an Fhearrainn Nua mar scéim amháin. Tar éis na céime réamhcháilíochta tairisceana den scéim seo cuireadh dhá iarratasóir ar an ngearrliosta in Aibreán 2010.

Faoi mar a bhí an N17/N18, tar éis comhairle dlí, socraíodh i Márta 2011 ar an modh soláthair don tionscadal seo a athrú ó idirphlé iomaíoch go dtí modh idirbheartaithe. Cheap an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta Forthairgeoir Roghnaithe i Meitheamh 2011. Chomhaontaigh an EIB i bprionsabal freisin cuid mhór den fhiachas sinsearach don scéim a sholáthar.



Oideachas & Scileanna

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT)/Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GDA)

Tar éis don Taoiseach agus don Tánaiste an tionscadal a sheoladh i Meán Fómhair 2010, bhí an NDFA gafa go foirmiúil ag an GDA. Tá sé mar aidhm ag an GDA ceathrú beoga nua cathrach a chruthú ina bhfuil meascán éagsúil d'úsáidí, lena n-áirítear áiseanna nua cúraim sláinte don HSE agus campas uirbeach nua do DIT, le gach mac léinn agus ball foirne a thabhairt le chéile in áit amháin.

Tá sé réamh-mheasta go mbeidh an tionscadal ina tionscnamh fadtéarmach a fhorbrófar trí mheascán de PPP agus soláthar traidisiúnta a úsáid, agus tá comhairle airgeadais agus comhairle bainistíochta tionscadail á soláthar ag an NDFA de réir mar is cuí. Soláthróidh an NDFA aon ghné PPP den fhorbairt, ag feidhmiú mar ghníomhaire don GDA.

Ceart & Comhionannas

Campas Príosúin Halla Thornton

Tá sé beartaithe ag Seirbhís Príosún na hÉireann (IPS) campas príosúin nua a fhorbairt ar shuíomh ag Halla Thornton, Contae Bhaile Átha Cliath, a ghlacfaidh áit de roinnt foras príosúin atá as dáta ar choimpléasc Phríosún Mhuinseo. Tharraing an tAire Dlí agus Cirt siar ó phróiseas iomaíoch roimhe i mBealtaine 2009 chun Forthairgeoir Roghnaithe a cheapadh chun an príosún molta a dhearadh, a thógáil, a chothabháil agus a mhaoiniú, ar chúiseanna inacmhainneachta. Ina ionad sin, tá an tionscadal le dul ar aghaidh ar bhonn céimnithe trí sholáthar traidisiúnta a úsáid.

Tá soláthar den phríomhchoimpléasc príosúin le tarlú le linn oibre éascaithe atá riachtanach don fhorbairt, lena n-áirítear tógáil de bhóthar rochtana agus oibreacha áirge mar aon leis an mballa imlíne slándála. Tá an treoir le haghaidh dearadh á forbairt faoi láthair ag an IPS i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí. Tá comhairle airgeadais á soláthar ag an NDFA don IPS ar an tionscadal.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ospidéal Ollscoile San Uinseann

Baineann an tionscadal seo le tógáil de bhloc barda nua chun 100 leaba athsholáthair d'othair chónaitheacha a chur ar fáil, mar aon le haonad tiomnaithe lae d'othair a bhfuil fiobróis chisteach orthu agus cóiríocht chuí thacaíochta freisin. Sholáthair an NDFA comhairle airgeadais don HSE ar an tionscadal, agus eisíodh tuairim luach ar airgead i Márta 2010.

Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach

Comhcheanglófar leis an Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach nua seirbhís náisiúnta treasacha na n-ospidéal leanaí atá ann cheana féin, agus soláthrófar ospidéal a chuirfidh sármhaitheas i gcúram clínicíuil, i dteagasc agus i dtaighde ar fáil.

Cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála don ospidéal nua leanaí i nDeireadh Fómhair 2010. Tá sé beartaithe go mbeidh 445 leaba sa tsaoráid nua, lena n-áirítear leapacha d'othair chónaitheacha agus do chúram lae, chun éilimh chúram sláinte a chomhlíonadh i dtaca leis an méadú réamh-mheasta sa daonra leanaí. Thug an NDFA comhairle don HSE ar ghnéithe airgeadais an phróisis réamhchálíochta, ar an gCás Gnó agus ar shamhlacha costais don tionscadal.

Tionscadail Sláinte Eile

Tá comhairle airgeadais á soláthar ag an NDFA don HSE ar roinnt tionscadal sláinte eile, mar atá Saotharlanna Fuara, Comhshuíomh Ospidéal an Choim agus Thamhlachta, Athfhorbairt den Ospidéal Lárnach Mearbhaill, Lárionad Sarmhaitheas Ospidéal San Séamas um Aósú Folláin agus blocanna barda nua ag Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe. Tá cuid de na tionscadail seo á meas le haghaidh forbartha trí PPP a úsáid. Sna cásanna seo, beidh an NDFA freagrach freisin as an gcéim sholáthair, ag feidhmiú ar son an HSE.



Cumarsáidí, Fuinneamh & Acmhainní Náúúrtha

Clár Fuinnimh Iarfheistithe

Tá sé mar aidhm ag an gClár Náisiúnta Iarfheistithe uasghrádaithe éifeachtacha ó thaobh fuinnimh de do mhilliún foirgneamh cónaithe, poiblí agus tráchtála in Éirinn. Tá sé deartha mar leas do gach earnáil an gheilleagair, ó bhillí teaghlaigh fuinnimh go dtí gnóthais atá ag iarraidh bheith níos iomaíche. Tá gnéithe airgeadais an Chláir Fuinnimh Iarfheistithe molta á n-athbhreithniú faoi láthair ag an NDFA.

Comhshaoil, Pobal & Rialtas Áitiúil

Scéim Chóireála Fuíolluisce Chomhairle Contae Fhine Gall

Sholáthair an NDFA a thuairim luach ar airgead do Chomhairle Contae Fhine Gall ar an tionscadal seo i Lúnasa 2009, agus síníodh an Conradh i bhFeabhra 2010. Soláthróidh an Conradh deartha, tógála, oibriúcháin ionad cóireála fuíolluisce i gContae Bhaile Átha Cliath thuaidh, chomh maith le stáisiún caidéalaithe agus píblínte bainteacha. Faoi gconradh, soláthraítear seirbhísí oibriúcháin agus cothabhála go ceann 20 bliain, agus cuireadh tús leis an tógáil i Márta 2010.

Scéim Uisce na mBailte agus na Sráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge

Scéim Uisce na mBailte agus na Sráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge
Tá comhairle airgeadais á soláthar ag an NDFA do Chomhairle Contae Phort Láirge ar Scéim Uisce na mBailte agus na Sráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge. Is tionscadal deartha, tógála agus oibriúcháin é seo agus eisíodh na doiciméid réamhcháilíochta don mhargadh in Aibreán 2010.

Rinneadh measúnú ar na haighneachtaí seo agus tá cuireadh le hidirphlé sceidealaithe le bheith eisithe d'Fhorthairgeoirí atá ar an ngearrliosta sa dara leath de 2011.

Ionad Dramhaíola/Fuinnimh an Phoill Bhig

Roghnaíodh conraitheoir don tionscadal seo. Tá NDFA ag tabhairt comhairle do Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath ar mhaoiniú an tionscadail.

Dramhaíl Réigiún an Oirdheiscirt

Cuireadh léirithe spéise don tionscadal seo chuig Comhairle Contae Thiobraid Árann, An Trian Theas, i Nollaig 2009. Rinneadh measúnú ar na haighneachtaí seo i Márta 2010 agus cuireadh trí iarratasóir ar an ngearrliosta. Tá doiciméadú tairisceana á thabhairt chun críche faoi láthair ag an Údarás tosaigh agus tá sé le heisiú gan mhoill.

Méadrú Uisce

Bhí an NDFA páirteach i ndíospóireachtaí tosaigh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar an gClár um Méadrú Uisce molta.





RIALACHAS

Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí an Stáit

Le linn 2010, rinne Bord an NDFA scrúdú ar an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí an Stáit, agus an bealach lena mhionathrú chuig struchtúr rialachais an NDFA. Tá forálacha an Chóid bunaithe ar struchtúr tipiciúil corparáideach atá comhdhéanta de Bhord Stiúrthóirí a bhfuil dualgas dlíthiúil don chomhlacht aige, agus foireann bainistíochta feidhmiúcháin, a dhéanann na feidhmeanna tarmligthe ag an mBord. Ach, feidhmíonn an NDFA tríd an NTMA.

Tá an Cód á chur i bhfeidhm ag Bord an NDFA, mionathraithe dá chúinsí ar leith mar atá leagtha amach thuas, agus a bhfuil socruithe aige le comhlíonadh an Chóid a chinntiú, nuair is gá. Tá cód iompair ghnó agus beartas taistil i bhfeidhm do chomhaltaí an Bhoird. Baineann feidhmiú an Chóid ag an NTMA leis an gcomhlacht sin.

Is comhlacht poiblí forordaithe é an NDFA a bhfuil cuspóirí aige i dtaca leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Ina theannta sin, tá riachtanais ar leith maidir le nochtadh leasa faoi Acht na Gníomhaireachta Airgeadais um Fhorbairt Náisiúnta.

Bord an NDFA

Tá Bord ag an NDFA atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus seacht ngnáthchomhalta. Is é Príomhfheidhmeannach an NTMA Cathaoirleach an Bhoird. Is é an tAire Airgeadais a cheapann gnáthchomhaltaí an Bhoird. Is comhalta an Bhoird é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA. Ceaptar gnáthchomhaltaí do thréimhse chúig bliana.

Ní mór don Bhord a chinntiú go gcuirtear feidhmeanna an NDFA i bhfeidhm go héifeachtach. Leagann sé amach cuspóirí straitéiseacha agus spriocanna atá le comhlíonadh ag an NDFA agus cinntíonn sé go gcomhlíontar iad.

Tá na míreanna seo a leanas coimeádtá d'fhaomhadh an Bhoird:

- a) Údaráis Sínithe Tarmligthe
- b) Faomhadh Mórchonarthaí
- c) Beartais agus Pleananna Corparáideacha
- d) Beartas Bainistíochta Riosca
- e) Córas de Rialú Inmheánach Airgeadais
- f) Tuarscáil Bhliantúil agus Cuntais NDFA
- g) Ceapachán de Chuideachta Iniúchta Inmheánaigh
- h) Maoirseacht den Choiste Iniúchta (lena n-áirítear athbhreithniú bliantúil de théarmaí tagartha an Choiste)

Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Bhoird:

John C. Corrigan (Cathaoirleach) (<i>comhalta de bhí oifige</i>)	Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Brian Murphy (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) (<i>Ceaptha amhail 12 Eanáir 2009</i>)	Stiúrthóir, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Fred Barry (<i>Ceaptha amhail 2 Bealtaine 2007</i>)	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Liam Berney (<i>Ceaptha amhail 2 Bealtaine 2007</i>)	Oifigeach Tionsclaíoch, Comhdháil na gCeardchumann
Ann Fitzgerald (<i>Athcheaptha amhail 1 Eanáir 2008</i>)	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí
Stewart Harrington (<i>Ceaptha amhail 2 Bealtaine 2007</i>)	Stiúrthóir, Killeen Properties Limited
Tony Jones (<i>Athcheaptha amhail 1 Eanáir 2008</i>)	Comhairleach Gnó
Peter McManamon (<i>Athcheaptha amhail 1 Eanáir 2008</i>)	Cathaoirleach, Ceva Inc

Bhuail an Bord le chéile sé uaire le linn 2010. Leagtar amach freastal na gcomhaltaí ag cruinnithe foirmiúla i 2010 thíos

Comhalta Boird	Cruinnithe Freastalta
John C. Corrigan	4/6
Brian Murphy	6/6
Ann Fitzgerald	5/6
Fred Barry	6/6
Liam Berney	5/6
Peter McManamon	5/6
Stewart Harrington	6/6
Tony Jones	5/6

Coiste Iniúchta

Feidhmíonn Coiste Iniúchta an NTMA mar choiste Iniúchta an NDFA. Déanann Coiste Iniúchta an NTMA maoirseacht ar chórais iniúchta inmheánaigh agus córais rialaithe an NTMA, chomh maith le creat bainistíochta riosca, próiseas de thuairisciú airgeadais agus ráitis bhliantúla airgeadais. Tá rochtain iomlán gan srian ag na hiniúcháirí inmheánacha agus eachtracha, Ceann Rialaithe agus an tOifigeach Comhlíontacháin ar Choiste Iniúchta an NTMA.

Comhaltaí:

Hugh Cooney – *Cathaoirleach*
Brendan McDonagh
Maurice O'Connell
Peter McManamon

Iniúcháirís

De réir na riachtanas reachtúil, déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an NDFA. Baineann an NDFA úsáid as feidhm iniúchta inmheánaigh an NTMA. Forlíonann cuideachta eachtrach iniúcháirí an obair seo, PricewaterhouseCoopers faoi láthair, a dhéanann obair iniúchta inmheánaigh.

Ní mór do Chathaoirleach agus do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA fianaise a thabhairt do Choiste na gCuntas Poiblí Dháil Éireann. Clúdaíonn an fhianaise sin rialú agus oiriúnacht de gach idirbheart an NDFA, éifeachtúlacht chostais agus éifeachtúlacht an NDFA, agus na córais, modhanna agus cleachtais atá in úsáid ag an NDFA. Tugadh fianaise don Choiste ar 22 Aibreán 2010.

Ba mhaith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Bord a mbuíochas a ghabháil le gach ball foirne atá páirteach in oibriúcháin an NDFA mar gheall ar a gcuid iarrachtaí.



LIOSTA ÚDARÁIS STÁIT

Seo a leanas liosta de na hÚdaráis Stáit a bhfuil dualgas orthu dul i gcomhairle leis an NDFA le haghaidh comhairle airgeadais maidir le tionscadail mhóra infheistíochta poiblí i láthair na huaire.

Údaráis Stáit mar atá siad liostaithe sa Sceideal atá ag gabháil leis an Acht um NDFA (Leasú), 2007

- Aire Rialtais
- Údarás áitiúil
- Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Ollscoil taobh istigh de chiall Acht na nOllscoileanna, 1997, seachas Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath
- Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Coláiste taobh istigh de chiall alt 2 d'Acht na gColáistí Réigiúnacha Teicniúla, 1992
- Coiste gairmoideachais taobh istigh de chiall alt 7 den Acht Ghairmoideachais, 1930.
- Seirbhís na gCúirteanna
- Údarás cuain taobh istigh de chiall na nAchtanna Cuanta, 1946 go dtí 1976.
- Bus Átha Cliath
- Bus Éireann
- Córas Iompair Éireann
- An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid
- An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
- Aon údarás poiblí atá ann atá forordaithe le hordú



RÁITIS AIRGEADAIS

Tugann an NDFA comhairle d'Údaráis Stáit ar sholáthar, seachadadh agus maoiniú na dtionscadal. Ach, fanann na tionscadail seo ar chlár comhardaithe na Roinne ábhartha gan iad bheith léirithe i gcuntais an NDFA. Tá na leithdháiltí do na Ranna ábhartha i dtaca le tionscadail PPP le fáil sna leithdháiltí ilbhliantúla sa Bhuiséad.

Éilítear in Alt 20 d'Acht na Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, go gcoinnítear, i cibé foirm a bheidh ceadaithe ag an Aire Airgeadais, gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas. Ní mór cuntas leithligh de tháillí riaracháin agus de chostais tabhaithe ag an NDFA ina fheidhmeanna bheith sna cuntais. Ach, mar atá mínithe thuas, tá an fhoireann a oibríonn ar chúrsaí NDFA fostaithe go heisiach ag an NTMA.

Is iad seo a leanas na costais riaracháin tabhaithe ag an NDFA i 2010 agus i 2009.

	2010	2009
	€	€
Táill an Bhoird	75,600	81,900
Táillí Iniúchta	<u>5,280</u>	<u>6,000</u>
	<u>80,880</u>	<u>87,900</u>

I dteannta na gcostas thuas, ba é €7,097,698 (2009: €7,344,722) na costais riaracháin tabhaithe ag an NTMA i bhfeidhmeanna an NDFA i 2010. Áirítear na costais seo i gcostais riaracháin an NTMA agus iad gearrtha ar an Lárchiste. Ní iarrann an NTMA aisíocaíocht na gcostas seo ó Údaráis an Stáit.

RÁITIS AIRGEADAIS NA
GNÍOMHAIREACHTA AIRGEADAIS D'FHORBAIRT NÁISIÚNTA
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

An Bord agus Eolas Eile	30
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta	31
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	32
Tuarascáil na nIníúcháirí	34
Polasaithe Cuntasaíochta	36
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	37
An Cuntas Riaracháin	38
An Clár Comhardaithe	39
Nótaí ag gabháil leis na Cuntais	40

COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS EOLAS EILE

COMHALTAÍ AN BHOIRD

John C. Corrigan – Cathaoirleach

Brian Murphy – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Fred Barry

Liam Berney

Ann Fitzgerald

Stewart Harrington

Tony Jones

Peter McManamon

INIÚCHÓIRÍS

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA


Éilítear in Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, go n-ullmhaíonn an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (“an Gníomhaireacht”) ráitis airgeadais maidir lena cuid oibriúchán do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú aige, ní mór don Gníomhaireacht:


- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, seachas má bhíonn sé mí-oiriúnach sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó fheidhmiú na gcaighdeán cuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá freagracht ar an nGníomhaireacht maidir le cuntais chearta agus gnáthchuntais den airgead go léir a fhaigheann se nó a chaitheann sé a choinneáil i bhfoirm a bheidh ceadaithe ag an Aire Airgeadais, chomh maith le gach idirbheart airgeadais agus eile a dhéantar ina fheidhmeanna. Tá freagracht ar an nGníomhaireacht taifid chuntasaíochta a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnta in am ar bith suíomh airgeadais na Gníomhaireachta.

Tá freagracht ar an nGníomhaireacht freisin maidir le sócmhainní faoina chúram a chosaint agus, dá bhrí sin, céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a thabhairt faoi deara.



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

30 Meitheamh 2011

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht don Chóras de Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaíonn an Bord an fhreagracht atá air lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach in áit agus á chur i bhfeidhm maidir le rialú inmheánach.

Ní féidir leis an gcóras sin ach cinnteacht réasúnta, agus ní iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní sábháilte, beartais údaraithe agus taifead ceart déanta orthu, agus go bhfuil bac ar bhotúin thábhachtacha nó mírialtachtaí, nó go dtabharfaí faoi ndeara iad in am cuí.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

De réir Alt 11 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, feidhmíonn an NDFA tríd an nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an NTMA").

I gcomhar leis an NTMA tá gníomh déanta ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe ann maidir leis an NDFA, trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- modhanna foirmiúla a bhunú le déanamh gnó ag an NDFA;
- cód iompair NDFA a bhunú le Coimhlint Leasa a Bhainistiú;
- modhanna foirmiúla a bhunú le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisiciú agus le gníomh cuí ceartaitheach a chinntiú.

Ullmhaíodh measúnú riosca foirmiúil chun na príomhrioscaí gnó atá roimh an NDFA a shainaithint. Ullmhaíodh clár riosca a dhéanann taifead ar na rioscaí sainaitheanta chomh maith leis na rialúcháin atá i bhfeidhm chun tionchar de phríomhriosca inrialaithe a mhaolú. Cheadaigh Bord an NDFA beartas bainistíochta riosca.

Tá an córas de rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, modhanna riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas de tharmligean agus freagracht. Áirítear leis go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le haghaidh costas riaracháin an NDFA, atá íoctha ag an NTMA, seachas costais Bhord an NDFA;
- spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail;
- beartas sainmhínithe go soiléir ar sholáthar.


RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (Ar lean)

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an NTMA, a oibríonn de réir an Chóid Chleachtais ar Rialachas Chomhlachtaí an Stáit. Cuirtear obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí anailís ar na rioscaí oibriúcháin dá bhfuil an NDFA nochta, agus tá pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Go bliantúil ar a laghad, soláthraíonn an tIniúcháir Inmheánach (PricewaterhouseCoopers faoi láthair) tuarascáil de ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh don NTMA agus do Bhord an NDFA. Áirítear sa tuarascáil measúnú an Iniúcháir Inmheánaigh ar leorgacht agus éifeachtúlacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais.


Cuirtear monatóireacht agus athbhreithniú an NTMA ar éifeachtúlacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais ar an eolas trí obair an iniúcháir inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den NTMA a bhfuil freagracht orthu maidir le forbairt agus cothabháil den chreat rialaithe airgeadais, agus nótaí tráchta a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile. Ina theannta sin, bíonn comhalta Bhord an NDFA ar Choiste Iniúchta an NTMA le leasanna Bhord an NDFA a ionadú. Coinníonn comhalta an Bhoird Bord NDFA ar an eolas ar a leithéid sin de chúrsaí atá ábhartha don NDFA.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010, rinne Coiste Iniúchta an NTMA, le hionadú ó Bhord an NDFA, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais.



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIS CUNTAS AGUS CISTE DO CHUR I LÁTHAIR DO THITHE AN OIREACHTAIS.

Tá ráitis airgeadais Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 iniúchta agam faoi Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais 2002.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Riarachán, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina nullmhú an dlí feidhmeach agus an Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Tá freagracht ar an nGníomhaireacht na ráitis airgeadais a ullmhú, agus le cinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus a hioncam agus caiteachas, agus le rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá freagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir dlí ábhartha.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúrsaí speisialta a cheanglaítear le comhlachtaí an Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriúchán.

Déantar m'iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh Caighdeán Eiticiúil Bhord um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon d'Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a aimsiú faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, atá dóthanach cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí bhotún. Áirítear leis seo measúnú ar

- an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúrsaí na Gníomhaireachta agus an raibh siad curtha i bhfeidhm go seasta agus nochta go himleor
- réasúntacht de meastacháin suntasacha cuntasaíochta atá déanta in ullmhúchán na ráiteas airgeadais, agus
- leagan amach iomlán de na ráitis airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a aimsiú faoi rialtacht d'idirbhearta airgeadais le linn m'iniúchta.

Ina theannta sin, léim faisnéis eile a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil, agus déanaim breithniú ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais a ndearnadh iniúchadh orthu.

Déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán do mo thuarascáil dá mbeinn eolach ar aon mhí-ráiteas léir nó ar aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta amhail 31 Nollaig 2010 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

I mo thuairim, choinnigh an Gníomhaireacht leabhair chearta chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Cúrsaí ar a bhfuil Dualgas orm Tuairisciú le hEisceacht

Tuairiscím le heisceacht

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir atá riachtanach le m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- má thug mé faoi deara i m'iniúchadh aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead don chuspóir beartaithe nó mura raibh na hidirbhearta i gcomhaontú leis na húdaráis rialaithe, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain i gceist i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh na Gníomhaireachta leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, nó
- má thagaim ar aon chúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a raibh gnó poiblí déanta.

Níl rud ar bith agam maidir leis na cúrsaí sin le tuairisciú le heisceacht.



John Buckley
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meitheamh 2011

POLASAITHE CUNTASAÍOCHTAS

Cúlra

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (an "NDFA") ar ordú an Aire Airgeadais ar 1 Eanáir 2003, faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002.

Is iad na polasaithe cuntasaíochta suntasacha ar glacadh leo maidir leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ná na cinn seo a leanas:

Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, i bhformáid a bhí faofa ag an Aire Airgeadais.

Tugann na ráitis airgeadais achoimre ar idirbhearta agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

Tréimhse Thuairiscithe

Is é an tréimhse thuairiscithe ná an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, rud a thaispeántar leis an siombal €

Aithint Ioncaim

Déantar cuntas ar ioncam ar bhonn fabhraithe.

Speansais

Déantar cuntas ar speansais sa bhliain ina bhfuil siad dlite.


De réir an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, ní ghearrtar ach costais dhíreacha a bhíonn tabhaithe ag an nGníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Náisiúnta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Bíonn gach costas riaracháin eile á thabhu ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus nochtar iad i bhfoirm nóta amháin.

Gearrtar táillí agus speansais a bhíonn tabhaithe maidir le feidhmeanna maoinithe agus comhairleacha na Gníomhaireachta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus bíonn siad aisíoctha ag an Údarás Stáit bainteach.


CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig

	Notes	2010 €	2009 €
Ioncam	1	5,035,339	4,573,316
Táillí agus speansais tionscadal	2	(4,954,459)	(4,485,416)
Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin	3	(80,880)	(87,900)
Glanioncam don tréimhse		Nil	Nil



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta


30 Meitheamh 2011

Is mar chuid de na ráitis airgeadais iad na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 11.

AN CUNTAS RIARACHÁIN

don bhliain dar críoch 31 Nollaig

	Nótaí	2010 €	2009 €
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	3	80,880	87,900
Speansais riaracháin na Gníomhaireachta	4	(80,880)	(87,900)
Glanioncam\glanchaiteachas)		Nil	Nil



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta


30 Meitheamh 2011

Is mar chuid de na ráitis airgeadais iad na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 11.

AN CLÁR COMHARDAITHE

31 Nollaig

	Nótaí	2010 €	2009 €
Sócmhainní			
Féichiúnaithe	5	947,485	553,372
Dliteanais			
Creidiúnaithe	6	947,485	553,372
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais		<u>Nil</u>	<u>Nil</u>
In ionannas do			
Chúlchistí Carnacha	8	<u>Nil</u>	<u>Nil</u>



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

30 Meitheamh 2011

Is mar chuid de na ráitis airgeadais iad na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 11.

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA CUNTAIS

1. Ioncam

	2010 €	2009 €
Aisíocaíocht speansas comhairleach ó Údaráis Stáit	4,954,459	4,485,416
Ciste Lárnach (nóta 7(a))	80,880	87,900
	<u>5,035,339</u>	<u>4,573,316</u>

2. Táillí agus speansais tionscadal

Gearrtar táillí agus speansais a bhíonn tabhaithe ag an nGníomhaireacht i gcur i gcrích a feidhmeanna maoinithe agus comhairleacha maidir le tionscadail infheistíochta poiblí ar leith ar chaiteachas, de réir an Achta um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú), 2007.

	2010 €	2009 €
Táillí comhairleachta	3,791,956	3,169,345
Táillí dlíthiúla	1,160,513	1,278,616
Speansais eile tionscadal	1,990	37,455
	<u>4,954,459</u>	<u>4,485,416</u>

3. Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

Is ionann an €80,800 seo (2009 - €87,900) agus an méid atá de dhíth chun costais áirithe riaracháin de chuid na Gníomhaireachta a íocy.

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA CUNTAIS (ar lean)

4. a) Costais Riaracháin

Leagtar amach costais riaracháin na Gníomhaireachta thíos ar bhonn fabhráithe:

	2010 €	2009 €
Táillí an Bhoird	75,600	81,900
Táillí Iniúcháireachta	5,280	6,000
	<u>80,880</u>	<u>87,900</u>

I dteannta na gcostas thuas, ba é €7,097,698 (2009 €7,344,722) na costais riaracháin tabhaithe ag an Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i bhfeidhmeanna an NDFA. Áirítear sna costais NTMA seo, lena n-áirítear luach saothair an Phríomhfheidhmeanna a ndéantar tagairt dó thíos, i gcostais riaracháin Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus iad gearrtha ar an Lárchiste. Ní iarrann an NTMA aisíocaíocht na gcostas seo ó Údaráis an Stáit.

Ba é €12,133,037 (2009: €11,918,038) an costas iomlán d'oibriúchán na Gníomhaireachta sa bhliain, maoinithe mar seo a leanas:

	2010 €	2009 €
Táillí agus costais tionscadail, athghearrtha ar Údaráis an Stáit	4,954,459	4,485,416
Táillí agus costais riaracháin gearrtha ag an nGníomhaireacht ar an Lárchiste	80,880	87,900
Táillí agus costais riaracháin seasta ag an NTMA agus gearrtha ar an Lárchiste	7,097,698	7,344,722
	<u>12,133,037</u>	<u>11,918,038</u>

4. b) Luach Saothair agus Costais

Is é an tAire Airgeadais a leagann amach luach saothair chomhaltaí an Bhoird.

Comhaltaí an Bhoird: €12,600 per annum

Áirítear le luach saothair chomhaltaí an Bhoird mar atá leagtha amach thuas laghdú 10% i dtáillí a cheadaigh an Bord ar iarratas an Aire Airgeadais i 2009.

Íocadh iomlán de €2,104 i gcostais le comhaltaí an Bhoird i 2010, a bhain go príomha le costais taistil.

Ní fhaigheann an Cathaoirleach agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aon luach saothair i dtaca lena gcomhaltas den Bhord.

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA CUNTAIS (ar lean)

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh 2010:

Tuarastal:	€330,000
Sochar Incháinithe	€ 23,582

Is é an NTMA a dheimhníonn luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh tar éis comhairle a fháil ó Choiste Comhairleach an NTMA.

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de thuarastal bunúsach, sochar incháinithe (carr agus árachas sláinte) agus íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht suas go 60% den tuarastal bliantúil. De thairbhe na ndúshlán geilleagair atá roimh an tír, tharscaoil an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí eile d'fhoireann sinsearach an NTMA an pá a bhaineann le feidhmíocht a bronnadh do 2010.

Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim shamhla aoisliúntais sochair sainmhínithe na hearnála poiblí.

5. Féichiúnaithe

	2010 €	2009 €
Infhaighte ó Údaráis an Stáit	936,205	547,372
Infhaighte ón Lárchiste	11,280	6,000
	<u>947,485</u>	<u>553,372</u>

6. Creidiúnaithe

	2010 €	2009 €
Suimeanna dlite don Lárchiste (nóta 7(b))	164,942	161,998
Táillí comhairliúcháin agus dlí iníoctha	597,502	236,198
Seirbhísí Gairmiúla a Choinníonn Siar Cáin iníoctha	179,401	149,176
Costais Fhabhráithe	5,640	6,000
	<u>947,485</u>	<u>553,372</u>

7. An Lárchiste

(a) Tógtar costais riaracháin an NDFA ón Lárchiste. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhráithe. Réitítear loncam an Lárchiste le hairgead tógtha le haghaidh costas mar seo a leanas:

	2010 €	2009 €
Suimeanna tógtha ón Lárchiste	75,600	93,900
Méadú / (laghdú) i bhféichiúnaí an Lárchiste	5,280	(6,000)
Costais Riaracháin (Nóta 4)	<u>80,880</u>	<u>87,900</u>

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA CUNTAIS (ar lean)

(b) Tógtar suimeanna ón Lárchiste chun táillí agus costais eachtracha a íoc a bhí tabhaithe ag an nGníomhaireacht ina feidhmeanna maoinithe agus comhairle maidir le tionscadail infheistíochta phoiblí ar leith. Athéilítear na táillí agus costais seo ó Údaráis an Stáit agus ansin aisíoctar na suimeanna tógtha leis an Státchiste. Tá gluaiseacht na suimeanna tugtha don NDFA le linn na tréimhse mínithe mar seo a leanas:

	2010 €	2009 €
Dlíte le Lárchiste ag tús na tréimhse	161,998	33,113
Tugtha le linn na tréimhse	3,830,566	3,862,710
Aisíoctha le linn na tréimhse	(3,827,622)	(3,733,825)
Dlíte le Lárchiste ag Deireadh na Tréimhse (Nóta 6)	164,942	161,998

8. Cúlchistí Carnacha

	2010 €	2009 €
Glanioncam don tréimhse	-	-
Iarmhéid deiridh	Nil	Nil

9. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais amhail 31 Nollaig 2010.

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA CUNTAIS (ar lean)

10. Páirtithe gaolmhara

An tAire Airgeadais

Is é an tAire Airgeadais a cheap comhaltaí Bhord Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, mar atá leagtha amach ar leathanach 3, faoi alt 12 den Acht.


Faoi alt 7 den Acht d'fhéadfadh an tAire aisíocaíocht d'iasachtaí na Gníomhaireachta a ráthú, nó aon sainchomhlacht a bhunaigh an Ghníomhaireacht i bhfeidhmiú a ngníomhaíochtaí. Níor tugadh aon ráthanna dá leithéid sin le linn na tréimhse.

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

De réir Alt 11 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, feidhmíonn an NDFA trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

11. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 31 Márta, 2011.



National Development
Finance Agency

Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Áras an Chisteáin,
Sráid na Canála Móire,
Baile Átha Cliath 2
Éire

Tell 353 1 664 0800

Facs 353 1 676 6582

Email info@ndfa.ie

Web www.ndfa.ie

Tá an tuarascáil seo phríontáil ar pháipéar 100% athchúrsáilte.